# Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú

## Réamhrá

Is éard is aidhm leis an ábhar seo ná tacú le múinteoirí chun caidreamh dearfach a chothú leis na múinteoirí ina rang agus cuimsíonn sé comhairle phraiticiúil maidir le hionchais agus teorainneacha a bhunú le haghaidh an cheachta OSPS/OCG. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Caidrimh dhearfacha a chothú le agus idir pháistí
- Straitéisí chun caidreamh dearfach a fhorbairt leis na páistí i do rang
- Ionchais agus teorainneacha a leagan síos
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?[1]
- Léitheoireacht bhreise.

**Cuidíonn an t-atmaisféar foghlama agus teagaisc a bhíonn i réim sa seomra ranga agus an caidreamh a mbíonn taithí ag páistí air agus a fheiceann siad ar siúl sa scoil lena bhforbairt shóisialta, phearsanta agus sláinte (CNCM, 1999, lch 2). Tugann an curaclam OSPS deis do mhúinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar chaidrimh, ionchais agus teorainneacha i gcomhthéacs na timpeallachta dearfaí ar scoil—bunchuid den chaoi a dteagasctar an OSPS (CNCM, 1999, lch 22).**

## Caidrimh dhearfacha a chothú le agus idir pháistí

Is ionann na caidrimh a chothaíonn tú leis na páistí agus an bunús ar a mbunóidh tú ionchais agus freagrachtaí. Cuimsíonn caidrimh dhearfacha a chothú idirghníomhuithe:

- da léiríonn meas ar gach uile pháiste mar dhuine daonna agus ball iomlán den tsochaí a bhfuil a chuid smaointe féin faoin domhan, ceisteanna agus spéiseanna aige.
- a léiríonn tuiscint, meas, infheictheacht agus aitheantas gurb ann do chineálacha teaghlaigh, cúlraí agus creidimh éagsúla trí do chuid idirghníomhuithe féin agus do chur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama
- a chuimsíonn oideolaíochtaí spraíúla sultmhara i dteagasc OSPS/OCG
- a chumann cur chuige a thacaíonn le rannpháirtíocht agus spéis páistí i gceachtanna agus comhphlé OSPS/OCG.

### Forléargas an mhúinteora

*Creidimse go bhfuil sé ríthábhachtach caidreamh láidir iontaobhach a bhunú i dtús báire, roimh aon rud eile. Ní bhaineann sé seo go sainiúil le OSPS/OCG ach is féidir tionchar dearfach a bheith aige ar an bhfoghlaim fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta nuair a thagann topaicí nó comhphlé chun cinn. Bíonn sé seo dúshlánach ó am go ham nó tá éagsúlacht de chúlraí ag na páistí sa rang agam, tá pearsantachtaí ilchineálacha acu agus is féidir, in amanna, a n-iompraíocht a bheith dúshlánach. Tá sé iontach tábhachtach am a chaitheamh chun aithne a chur ar an bpáiste agus eolas a chur ar an gcultúr baile atá aige nó aici. Braithimse go minic go bhfuil an oiread sin le foghlaim agam agus déanaim iarracht aigne oscailte a bheith agam sa rang. Bím fiosrach agus oscailte leis na páistí trí mo chuid teagaisc. Éiríonn na páistí níos freagrúla nuair a fheiceann siad go bhfuil mé ag iarraidh aithne a chur orthu agus na naisc seo a dhéanamh i mo chuid teagaisc.*

### Machnamh an mhúinteora

- Cé na cineálacha caidrimh, dar leat, ar tábhachtach iad a fhorbairt leis na páistí i do rang le tacú lena rannpháirtíocht le OSPS/OCG?
- Conas a chothaíonn an oideolaíocht agat caidreamh dearfach leis na páistí i do rang?

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú

## Straitéisí chun caidreamh dearfach a fhorbairt leis na páistí i do rang

**Léirigh spéis agus tuiscint ar chúlraí teaghlaigh, luachanna agus creidimh éagsúla na bpáistí i do rang:** Ach tú a bheith meabhrach ar chineál teaghlaigh, cúlra, luachanna agus creideamh na bpáistí i do sheomra ranga, faigheann tú deis níos mó a fhoghlaim trí na hidirghníomhuithe leis na páistí.

**Cothaigh meas agus tuiscint ar dhearcthaí agus eispéiris ilchineálacha:** Ós micreacosma de phobal níos leithne na scoile agus den saol i gcoitinne é an seomra ranga agat, is gnáthrud í an ilchineálacht ann. De réir mar a fhorbraíonn páistí a bhfeasacht ar éagsúlacht na n-eispéireas saoil atá sa rang acu, d'fhéadfadh sé go mbeidís ag iarraidh labhairt fúthu. Bíonn sé ina chuidiú pleanáil a dhéanamh le haghaidh na gcomhráite seo agus ligean dóibh tarlú agus a bheith ullmhaithe le haghaidh freagairtí láidre, agus san am céanna a mhúineadh do na páistí an dóigh le freagraí measúla a thabhairt nuair a easaontaíonn siad le barúlacha daoine eile. Gné lárnach de theagasc OSPS/OCG is ea iompar measúil ionchuimsitheach a eiseamláiriú a bheadh bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil dínit, meas agus cearta comhionanna dlite do gach aon duine.

**Freagairtí éifeachtacha do pháistí:** Gné thábhachtach de chaidreamh dearfach páiste/múinteora a chothú is ea scileanna éifeachtacha éisteachta a eiseamláiriú agus a scafláil. In amanna, ní bhíonn ag teastáil ó pháistí ach go gcluinfí iad, agus amanna eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ní b'oiriúnaí a bheith níos dírithe ar réitigh. D'fhéadfá am a chur ar leataobh le linn seisiúin comhphlé chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh le chéile le haghaidh réiteach, rud a spreagfadh na páistí chun an réiteach is fearr a n-éireodh leis dóibh féin a roghnú.

**Aithin a thábhachtaí atá sé braistintí agus mothúcháin a aithint agus a ainmniú:** Agus tú ag teagasc, is féidir na mothúcháin a aithníonn tú i measc na bpáistí a ainmniú, mar shampla, *is cosúil go bhfuil cuid agaibh buartha faoi sin... nó is cosúil go bhfuil tú iontach tógtha faoi...* Is féidir go gcuideodh sé sin le páistí a mbíonn deacrachtaí acu maidir lena gcuid mothúchán a ainmniú agus a gcuid braistintí a aithint. Is féidir go mbeadh sé tacúil do pháistí dá ndéanfá do chuid mothúchán féin a lipéadú agus a chomhroinnt ag amanna iomchuí, m.sh. *Tá bród an domhain orm go ndearna cuid mhór agaibh an oiread sin oibre ar na tionscadail agus cuireann sé frustrachas orm nuair a bhíonn roinnt daoine ag comhrá eatarthu féin in áit a bheith ag éisteacht leis na treoracha.*

## Ionchais agus teorainneacha a leagan síos

Nuair a fhorbraítear teorainneacha ar bhonn comhpháirteach, bíonn braistint de fhreagracht chomhroinnte ann agus cuidíonn sé le go mothóidh gach duine sábháilte agus go bhfuil meas air nó uirthi. Is féidir go gcuideodh sé, trí theorainneacha agus ionchais an cheachta OSPS/OCG a fhorbairt i gcomhpháirt leis na páistí sa rang, caidrimh dhearfacha a bhunú. Ag tús na bliana, is féidir deiseanna a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh baint ghníomhach acu lena shocrú cé na freagrachtaí a bheidh orthu le linn ceachtanna OSPS/OCG, lena n-áirítear plé i dtaca leis an ról agatsa agus an ról acusan lena chinntiú go mbraitheann gach uile dhuine sábháilte agus go bhfuil meas orthu sa seomra ranga. I gcaitheamh na bliana, is féidir deiseanna rialta a chur ar fáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na freagrachtaí sin, agus breithniú a dhéanamh ar na nithe a bhfuil ag éirí leo agus na nithe ar gá iad a fheabhsú. Is féidir taispeántais ildaite tharraingteacha a úsáid chun aird a tharraingt ar fhreagrachtaí an tseomra ranga agus a dtábhacht i dtaca le bheith ag tacú leis an rannpháirtíocht agus ionchur a léiriú. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth ar roinnt páistí chun a gcuid freagrachtaí a aithint trí spriocanna a chuimsiú sna pleananna mar chuid den Chontanam Tacaíochta. Is féidir teicnící cleachtas aisiríoch,[2] chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach páistí i dtaca lena bhfreagrachtaí sa seomra ranga, a bheith an-úsáideach chun caidreamh a chothú agus a neartú idir na páistí sa rang.

D'fhéadfadh sé gur mhaith leat breithniú ar na teorainneacha agus ionchais seo a leanas lena n-úsáid i do sheomra ranga féin:

**Comhaontaigh ar theanga ionchuimsitheach measúil a úsáid le chéile:** Déan comhaontú leis na páistí ar an ngá agus an tábhacht atá le teanga mheasúil agus daoine i mbun cumarsáide. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo go gcomhaontófaí ar na téarmaí cearta a úsáid do na topaicí. Seans go n-úsáidfeadh roinnt páistí caint neamhfhoirmeálta, rud ar deis foghlama é agus a ligfidh duit dul i ngleic le teanga mhí-oiriúnach ar bith a d'úsáidfí. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach a chur i gcuimhne do pháistí gur rud measúil é, nuair a bhíonn féiniúlacht daoine á plé,

[2] Is ionann an cur chuige sin agus scileanna a chur chun cinn agus a fheabhsú, amhail comhbhá agus réiteach fadhbanna.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú

na téarmaí is fearr leis an duine áirithe sin a úsáid le cur síos ar a spéiseanna nó taithí.

**Léirigh oscailteacht fad a bhíonn meas ar theorainneacha:** Déan comhaontú leis na páistí go bhféadann siad a bheith oscailte ionraic ach nach bhfuil cead acu a saol pearsanta/príobháideach féin ná saol daoine eile a phlé go díreach nuair a bhíonn topaicí, ceisteanna nó buarthaí íogaire faoi chaibidil. Is féidir plé ginearálta a dhéanamh ar cheisteanna ach níor cheart aon duine a shainaithint le linn comhphlé. Mar an gcéanna, níor cheart do na páistí crua a chur ar aon duine trí aird gan ghá a dhíriú ar aon duine sa rang.

**Cinntigh go mbíonn a fhios páistí go bhfuil roinnt ceisteanna ann nach mbeifí in ann a fhreagairt sa rang:** Cuir in iúl do pháistí go mbeidh amanna ann nuair nach mbeidh tú in ann ceisteanna a fhreagairt, ar chúiseanna éagsúla. Cuir in iúl dóibh nach é go bhfuil an cheist mícheart, ach d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sí le hábhar nach bhfuil ar churaclam na scoile nó a bhainfeadh le rang níos sine. Abair leo, áfach, go mbeidh tú ar do dhícheall a gcuid ceisteanna a fhreagairt.

**Cuir in iúl do pháistí cén uair is cuí a gcuid foghlama a chomhroinnt agus cén uair nach cuí:** Tacaigh le páistí a bheith feasach gur forbraíodh an curaclam le bheith aois-oiriúnach, agus dá réir, go ndéantar topaicí a sheicheamhú agus a theagasc ag an am ceart dá n-aois agus dá rang. Tríd an bhfoghlaim ón seomra ranga a roinnt le tuismitheoir/caomhnóir, nó le duine fásta a bhfuil muinín acu as, is féidir le páistí cur lena dtuiscint. Ó am go chéile, d'fhéadfadh sé gur ghá duit a chur i gcuimhne do pháistí gur dá rang féin amháin na topaicí a chuirtear ina láthair sa rang agus nár cheart iad a phlé ná a roinnt le páistí níos óige sa scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé seo níos ábhartha i rang ilghráid ina bhfoghlaimíonn páistí gnéithe de OCG i ngrúpaí níos lú agus ina dtagann siad le chéile arís ina dhiaidh sin chun ábhair eile a fhoghlaim le chéile arís.

**Bíodh sé de cheart ag páistí gan ceist a fhreagairt:** Forbair comhthuiscint go bhfuil tábhacht leis an rannpháirtíocht ach go bhfuil sé de cheart ag gach duine gan ceist a fhreagairt nó gan a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht.


**Machnamh an mhúinteora**

- Cén ról, dar leat, ba cheart a thabhairt do pháistí i dtaca le freagrachtaí sa seomra ranga a fhorbairt?
- Cén saghas freagrachtaí ar mór leat iad sa seomra ranga?
- An bhfuil aon fhreagrachtaí eile ann, dar leat, atá tábhachtach?
- I do thaithí féin, cé na freagrachtaí a bhfreagraíonn páistí go maith dóibh agus cé na nithe a mbíonn níos mó ama agus tacaíochta ag teastáil ina dtaobh? Cé na cuir chuige a chuidíonn anseo, dar leat?

# Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú

## An chéad chéim eile?


### Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



**Foghlaim sa bhaile:** Is féidir go spreagfadh gníomhaíochtaí scríofa páistí chun na freagrachtaí seomra ranga agus scoile a phlé lena dtuismitheoirí.

**Cumarsáid:** D'fhéadfá cumarsáid rialta a dhéanamh le tuismitheoirí maidir leis an méid atá a bpáistí ag léiriú fhreagrachtaí an tseomra ranga agus an tionchar dearfach atá aige seo ar a bhfoghlaim, go háirithe in OSPS/OCG. Is féidir, ach polasaí OSPS/OCG na scoile a roinnt, comhpháirtíochtaí a fhorbairt le tuismitheoirí agus tacú lena dtuiscint ar an gcur chuige i leith OSPS/OCG sa scoil.

### Léitheoireacht Bhreise



**Acmhainní chun OSPS/OCG a theagasc:** Tá naisc i dtacar Uirlisí Úsáide OSPS chuig an acmhainn Misneach. Cuimsíonn an acmhainn seo aonaid/ceachtanna ar féidir iad a úsáid le cuidiú leat caidrimh láidre a fhorbairt agus a chothú le agus idir pháistí.
Acmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

**Timpeallacht dhearfach scoile:** Tá sonraí breise i dTreoirlínte OSPS don Mhúinteoir (1999) ar bhealaí le timpeallacht dhearfach scoile a fhorbairt, rud ar cuid dhílis de OSPS/OCG é. Treoirlínte OSPS don Mhúinteoir

**Cleachtas aisiríoch:** Tá an iliomad ábhar tacaíochta ar an gcleachtas aisiríoch cruthaithe ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ar féidir iad a úsáid mar thúsphointe agus tú ag breithniú ar an gcleachtas seo do do sheomra ranga nó do scoil féin.
Acmhainní Cleachtais aisiríoch de chuid SFGM

**Foghlaim chomhoibríoch:** Is féidir go dtacódh cuir chuige agus modheolaíochtaí na foghlama comhoibríche le forbairt na gcaidreamh sa rang agat. Tá breis eolais agus gníomhaíochtaí le fáil sna hacmhainní a leanas: PDST Promoting group work, collaborative, and cooperative learning in the primary school

**Tacaíocht Iompraíochta:** D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth ar roinnt páistí le cuidiú leo caidrimh a fhorbairt. Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) acmhainní le tacú le múinteoirí agus le Múinteoirí Oideachais Speisialta chun na críche seo.

Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí
Leanúntas Tacaíochta: Pacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí

**Riachtanais Speisialta Oideachais:** Soláthraíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta acmhainní éagsúla le tacú le forbairt na gcaidreamh le páistí tríd an bhfoghlaim. Resources on 'General Support for Learning' for a teacher who teaches children in Primary School

**Bás agus méala:** D'fhéadfadh sé go mbeadh ar pháistí a bheith ag plé le bás nó méala, agus bíonn tionchar aige seo ar a gcaidrimh ar scoil. Soláthraíonn an Childhood Bereavement Network acmhainní agus tacaíocht do mhúinteoirí.
Teachers: a Unique Resource

### Tagairtí

CNCM. (1999). Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.